Mairg bheireas díogha dá dheoin

[Mac Cionnaith, L. *Dioghluim Dána*, Dublin, 1938, poem 35]

Fearghal Óg Mac an Bhaird .cc.

1 Mairg bheireas díogha dá dheoin
mairg thréigeas teagh an ghnáithcheoil
ar threibh ndoibhinn ndiamhair nduibh
go bhfoirinn fhiallaigh uathmhair.

2 Ar comhaonta deibhléan ndubh
mairg thréigeas teaghlach glórmhar;
an díogha nochan í as fhearr;
ní críonna an tí nach tuigeann.

3 Tuas a-tá teach na soillse
tíos a-tá - tuar síorthoirrse -
teach eighreadhta an diabhail dhoirbh
seinleabtha fhiallaigh Iofoirn.

4 Tíos a-tá an triath as mheasa
tuas a-tá - tuar aoibhneasa -
an flaithfhear ós na finibh
nar caitheadh 's nach caithfidhir.

5 Tíos a-tá an triath is dorcha
tuas a-tá - tuar neamhorchra -
an Coimdhe do chruthuigh mé
oidhre suthain na soillse.

6 Flaitheamhnas gan fhoircheann air
thíos a-tá an triath rer dhealuigh;
tuas tarla an triath nar tubhadh
sgiath gach anma d'anaghal.

7 Rí ar a dtá togha dealbha
tuas a-tá 'n-a thighearna;
tíos tarla an triath go n-ainimh;
liach a adhbha d'ionnsaighidh.

8 Mairg thréigeas ar thriath na locht
Athair na n-uile gcumhacht
rí gan aonlocht, rí na reann
do bhí taobhnocht im thimcheall.

9 Mairg ler seachnadh saidhbhreas grás
ar threibh bhoicht i mbí dólás;
ní críonna cor an phobuil

do ghabh díogha dearlagaidh.

10 Go ndíbrir óm intinn é
an tí as duibhe ná an duibhré;
tre thoirrse go dtí im chroidhe
rí na soillse suthoine.

11 Bheith bithbheo gidh bé len áil
dá dtréigeadh níor thuar conáigh
grás as líonmhaire ná an luibh
ar bhás shíordhuidhe shuthuin.

12 Seachna Íosa ar Ifreann fhuar
malairt ghuirt dan gar diombuadh
an oighidh fhíre is í soin;
ríghe ní bhí ag a bhiodhbhaidh.

13 Gille as mhó d’inmhe agus d’fhuil
biaidh ’n-a throich ó sin suas-ain
más é as rí ar an talmhain truim
dá dtí go hadhbhaidh Iofruinn.

14 An té bhíos ó thigh go toigh
má théid don teaghdhais ghlórmhair
bídh fa onóir ó sein suas;
do-gheibh coróin ón choguas.

15 Sireadh Muire ar a mac dhil
m’fhurtocht i n-aimsir m’éigin;
tar m’olc síor ná séanadh sionn
dom dhíon déanadh a dhíchioll.

16 Go rabh leam i ló ar ngábhaidh
líog lóghmhar shíl sheanÁdhaimh
Muire ghlórmhar géag ós fhiodh
séad na n-ógbhan ’s na n-aingeal.

17 Fios a hóghdhachta ag gach aon
bíodh feasda tar mhéid mo mhíothaom
dom thaighdeadh don tigh thall-ain
maighdean dil do dhearbhamair. Mairg.

18 Peadar doirseoir dúin nimhe,
leannán na n-ógh n-ainglidhe,
cara na naomh a-nall-ain,
saor an ragha rugamair.  Mairg.